

Nóirín O'Sullivan agus Conspóidí sa Gharda Síochána

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi chonspóidí sa Gharda Síochána. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh an cheist thíos leis an duine in aice leat.

Cé hí Nóirín O'Sullivan agus cén fáth a bhfuil sí sa nuacht?



Ceist 2

Cad is brí leis na focail agus na frásaí seo a bheidh le cloisteáil sa mhír?

1. aird
2. de bharr na gconspóidí
3. ag tacú
4. muinín
5. líomhaintí
6. abhcóide
7. ionracas an sceithire
8. droch-chlú a tharraingt ar
9. i dteideal mhuinín an rialtais
10. polaiteoirí freasúra
11. tástálacha anála
12. uair na cinniúna

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideadh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí leis an teagascóir iad.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad iad na conspóidí ar fad a luaitear sa mhír?
2. Cén fáth ar luadh na daoine agus na dreamanna thíos?
 - An Taoiseach, Enda Kenny
 - An Teachta Dála Neamhspleách Clare Daly
 - An Tánaiste, Frances Fitzgerald
 - Fianna Fáil

Ceist 4 ‘...i dteideal mhuinín an rialtais...’

A. Cén fáth an bhfuil séimhiú ar an bhfocal ‘muinín’ sa sampla thuas?

B. Bain na lúbíní de na focail seo thíos agus déan cibé athrú is gá.

1. (Ar fud) (teach) (an bhean)

Ar fud theach na mná

2. (Ag cáineadh) (iníon) (an fear)

3. (Foireann) (Baile Átha Cliath)

4. (De réir) (caibidil) (a cúig)

5. (Le haghaidh) (muintir) (an áit)

6. (Doras) (siopa) (Ó Ceallaigh)

7. (Timpeall) (cósta) (Éire)

8. (Ag moladh) (páistí) (an múinteoir)

Ceist 5

Breac síos gach sampla den aimsir chaite a chloiseann tú sa mhír. Ansin, bain úsáid as na briathra sin chun ceisteanna san aimsir chaite a chur ar an duine in aice leat. Mar shampla:

‘... gur sheas ...’

Ar sheas tú riamh ar bhus nó ar thraein ar feadh tamall fada?

Sheas.

Níor sheas.

Ceist 6

Cuir na focail agus na frásaí thíos in abairtí lena mbrí a léiriú.

- aird ar
- gur chóir
- tar chun cinn
- dá bhrí sin
- an iarraidh seo
- ag teannadh le

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

1. aird – *focus, attention*
2. de bharr na gconspóidí – *because of the controversies*
3. ag tacú – *supporting*
4. muinín – *trust, confidence*
5. líomhaintí – *allegations*
6. abhcóide – *barrister*
7. ionracas an sceithire – *the whistle-blower's integrity*
8. droch-chlú a tharraingt ar – *to defame*
9. i dteideal mhúinín an rialtais – *entitled to the government's confidence*
10. polaiteoirí freasúra – *opposition politicians*
11. tástálacha anála – *breath tests*
12. uair na cinniúna – *crisis point / beginning of the end*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

A. Níl sna rialacha thíos ach treoir ghinearálta.

Ní sa ghinideach i gcónaí a bhíonn ainmfhocal atá faoi réir ag ainmfhocal eile. Uaireanta is é an t-ainmneach a dhéanann ionad an ghinidigh agus cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal, mar shampla: ‘doras theach an fhir’ agus ‘trasna pháirc na cathrach’. Féach an sampla seo arís:

‘doras theach an fhir’

- ✓ Is ainmfhocal cinnte é ‘fear’ mar tá an t-alt leis – an fear.
- ✓ Tá an t-ainmfhocal ‘fear’ sa tuiséal ginideach mar tá sé faoi réir an ainmfhocail ‘teach’ – teach an fhir.
- ✓ Is aonad céille é ‘teach an fhir’ anois.
- ✓ Má thagann ainmfhocal **nó** réamhfhocal comhshuite **nó** ainm briathartha **nó** aon ní a chuirfeadh an t-ainmfhocal a leanann é sa tuiséal ginideach, roimh an aonad céille, ní infhilltear an chéad ainmfhocal san aonad céille, ach fágtar san ainmneach é agus cuirtear séimhiú air – doras theach an fhir.

B.

Ar fud theach na mná
Ag cáineadh iníon an fhir
Foireann Bhaile Átha Cliath
De réir chaibidil a cúig
Le haghaidh mhuintir na háite
Doras shiopa Uí Cheallaigh
Timpeall chósta na hÉireann
Ag moladh pháistí an mhúinteora

Ceist 5

‘gur sheas’: Ar sheas tú...? Sheas. / Níor sheas.

‘a bhain’ x 2: Ar bhain tú...? Bhain. / Níor bhain.

‘dúirt’ x 3, ‘gur dhúirt/go ndúirt’: An ndúirt tú...? Dúirt. / Ní dúirt.

‘go raibh’ x 4, ‘a bhí’, ‘nach raibh’: An raibh tú...? Bhí. / Ní raibh.

‘gur thug’: Ar thug tú...? Thug. / Níor thug.

‘Shéan’: Ar shéan tú...? Shéan. / Níor shéan.
‘a sceith’: Ar sceith tú...? Sceith. / Níor sceith.
‘go ndearna’: An ndearna tú...? Rinne. / Ní dhearna.
‘léirigh’: Ar léirigh tú...? Léirigh. / Níor léirigh.
‘tháinig’: Ar tháinig tú...? Tháinig. / Níor tháinig.
‘mhaígh’: Ar mhaígh tú...? Mhaígh. / Níor mhaígh.

Ceist 6

aird ar – *focus, attention*

gur chóir – *that should*

tar chun cinn – *arise*

dá bhrí sin – *because of that*

an iarraidh seo – *this time*

ag teannadh le - *getting close to*

Eimear Ní Chonaola

Cé gur sheas an rialtas le Coimisinéir an Gharda Síochána, Nóirín O'Sullivan, sa gconspóid¹ a bhain leis an tsáirsint Maurice McCabe, tá aird anois arís uirthi de bharr na gconspóidí is deireanaí. Ach an mbeidh an rialtas in ann leanúint ag tacú léi, ó tharla nach bhfuil Fianna Fáil sásta a rá go bhfuil muinín acu féin inti.

Caoimhe Ní Chonchoille

I mí na Bealtaine anuraidh, dúirt an Taoiseach, Enda Kenny, go raibh muinín iomlán aige as Coimisinéir an Gharda Síochána, Nóirín O'Sullivan. Is ag freagairt ceiste a bhí sé faoi líomhaintí go dtug² sí treoracha d'abhcóide amhras a chaitheamh ar ionracas an sceithire, Maurice McCabe, i gcoimisiún O'Higgins. Shéan Nóirín O'Sullivan na líomhaintí sin.

I mí Dheireadh Fómhair na bliana sin, dúirt an Teachta Dála Neamhspleách Clare Daly gur chóir do Nóirín O'Sullivan éirí as, i ndiaidh do bheirt Ghardaí líomhaintí a dhéanamh go raibh feachtas ar bun ag oifigigh shinsearacha sa Gharda Síochána le droch-chlú a tharraingt ar Ghardaí a sceith eolas. Ach dúirt an Tánaiste, Frances Fitzgerald, ag an am nach raibh aon eolas tagtha chun cinn a léireodh go ndearna sí a dhath as bealach agus, dá bhrí sin, go raibh sí i dteideal mhuinín an rialtais.

I mí Feabhra na bliana seo, cé gur dhúirt³ go leor polaiteoirí freasúra gur cheart don Choimisinéir seasamh go leataobh a fhad is a bhí fiosrúchán Charleton ar bun faoi chás an tsáirsint McCabe, léirigh an Taoiseach muinín arís eile i Nóirín O'Sullivan.

Agus an tseachtain seo, go deimhin, tháinig conspóid eile sa Gharda Síochána chun cinn, a bhain le ciontuithe agus tástálacha anála. Dé hAoine seo caite, agus arís inniu, mhaígh an Taoiseach go raibh muinín aige as Nóirín O'Sullivan. Ach an iarraidh seo, tá sé ráite ag Fianna Fáil nach bhfuil siadsan ábalta muinín a léiriú inti. D'fhéadfadh sé, mar sin, go bhfuil uair na cinniúna ag teannadh leis an Choimisinéir.

Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4.

¹ Córás Chonnacht

² gur thug an leagan caighdeánach

³ go ndúirt an leagan caighdeánach